

©Tarsila Kruse



*Beannaíonn siad domsa  
Is mé ag siúl na slí  
Bláthanna geala gleoite  
Bláthanna geala buí*

Áine Ní Ghlinn

### **Bí ag smaoineamh/Bí ag plé**

Céard a fheiceann tú sa phictiúr seo?

Ainmnigh na dathanna go léir a fheiceann tú.

Cén séasúr atá ann? Cá bhfios duit?

Cén sórt bláthanna atá le feiceáil?

Dá mbeifeása ag péinteáil pictiúir den séasúr seo céard eile a chuirfeá isteach ann?

Céard iad na dathanna a fheiceann tú san earrach, de ghnáth?

Céard iad na dathanna a fheiceann tú sa samhraidh?

San fhómhar? Sa gheimhreadh?

Cén teideal a chuirfeá ar an bpictiúr seo?

An bhfuil an cailín sona sa phictiúr?

Samhlaigh tú féin sa phictiúr in áit an chailín.

Céard a fheiceann tú thart timpeall ort?

Céard a chloiseann tú?

An bhfuil tú sona sásta? Cén fáth?

## Tionscnamh

Déan liosta de na bláthanna ar fad atá ar eolas agat.  
Déan pictiúr de gach bláth.

Déan liosta de na héin ar fad atá ar eolas agat.  
Déan pictiúr de gach éan.

Féach ar líne agus aimsigh píosaí ealaíona eile ina bhfuil bláthanna le feiceáil.

## Bí ag Scríobh

### 1. Cluiche:

Roghnaigh éan. Déan cur síos air i mbeagán focal (2/3 fhocal).

Ná luaigh ainm an éin.

An féidir leat cur síos a dhéanamh air ionas go n-aithneoidh daoine eile é gan ainm an éin a bheith luaite?

Is féidir leat cluiche **Cé mise?** a imirt.

#### Sampla:

*Brollach dearg*

Cé mise?

(Freagra: Is spideog tú)

*Gorm is buí*

Cé mise?

(Freagra: Is meantán gorm tú)

### 2. Dán a scríobh

Roghnaigh éan nó ainmhí a bhíonn le feiceáil san earrach.

Scríobh abairtí ina bhfuil 2 nó 3 fhocal faoin éan nó faoin ainmhí sin.

Cuir na habairtí le chéile chun dán a dhéanamh. Is féidir leat é seo a dhéanamh leat féin nó le cairde (abairt an duine chun dán grúpa a dhéanamh).

(Ní gá go mbeadh rím ann ach is féidir leat rím a bheith ann más mian leat.)

#### Sampla:

*Bailím duilleoga*

*Bailím féar*

*Déanaim nead*

*Eitlím san aer*